

FÓGRA FOLÚNTAIS CHUN LIOSTA IONADAITHE A BHUNÚ

Teideal an phoist	Cúntóir Teanga (M/F)
Feidhmghrúpa/grád	AST3
Cineál conartha	Gníomhaire Sealadach
Tagairt	EXT/20/04/AST3/Cúntóir Teanga (Fraincis)
Spriocdháta le haghaidh iarratas	09/09/2020 24:00 Am Alicante (ALE)
Áit fostaíochta	Alicante, AN SPÁINN
Liosta ionadaithe (RL) bailí go dtí an	31/12/2021
An líon iarrthóirí ar an liosta ionadaithe	5

Tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) d'fhonn liosta ionadaithe de 5 iarrthóir rathúla a chruthú óna líonfar folúntais mar **Cúntóirí Teanga** sa **Roinn Chustaiméara**.

1. CÚLRA

Daingnítear Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) mar gheall ar [25 bliain d'obair](#) ar Mhaoin Intleachtúil. Is gníomhaireacht neamhspleách, féinmhaoinithe, neamhbhrabúsach de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) í atá freagrach as trádmarcanna agus dearaí san AE a chlárú agus tá sí ar cheann de na comhlachtaí is nuálaí agus is forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de i réimse na Maoine Intleachtúla. Go deimhin, tá teicneolaíochtaí nua amhail an Intleacht Shaorga nó blocshlabhra leabaithe go hiomlán i gcleachtas EUIPO maidir lena thairiscint gnó uathúil agus dosháraithe a riar: trádmarcanna agus dearaí a chlárú agus a chosaint don Eoraip ar fad ar bhealach costéifeachtach, iontaofa agus tráthúil.

Ghlac EUIPO go hiomlán leis na treochtaí nua Maoine Intleachtúla maidir le domhandú agus leis an tábhacht a bhaineann le forfheidhmiú, rud atá ag teacht chun cinn. Ó 2013 i leith, tá an Oifig freagrach as taighde Maoine Intleachtúla, cumarsáid, comhroinnt eolais agus comhoibriú le húdaráis forfheidhmithe, lena gcumhdaítear gach Ceart Maoine Intleachtúla, tríd an bhFaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla (an Fhaireachlann).

Ní hamháin go bhfuil EUIPO ag feidhmiú san Eoraip, méadaíodh a achar chuig na cúig ilchríoch agus, mar shampla, tá tionscadail AE maidir le Maoin Intleachtúil á gcur chun feidhme aige sa tSín, san Áise Thoir Theas, i Meiriceá Laidineach, sa Mhuir Chairib agus san Afraic.

Tá suíomh iontach ag [EUIPO](#) ar an gcósta in Alicante i gcampas a osclaíodh go hoifigiúil le déanaí, áit a mbaineann baill foirne leas as áiseanna EUIPO (amhail seirbhísí miondíola, saoraidí spóirt, srl.). Ina theannta sin, tá Scoil Eorpach in Alicante. Ó 2008 i leith, tá an Oifig tiomanta chun a tionchar ar an gcomhshaol a laghdú trí thionscnaimh fhairsinge a chur chun feidhme. Tá a suíomh geografach in Alicante ceangailte go maith, agus naisc traenach ardluais ann le go leor áiteanna agus tá an ceathrú aerfort is mó sa tír ann. Cuireann EUIPO meascán uathúil de dheiseanna gairmiúla agus de chaighdeán saoil ar fáil.

Is iad Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis teangacha oibre na hOifige.

Féach an láithreán gréasáin seo a leanas chun tuilleadh faisnéise a fháil:

<https://euipo.europa.eu/ohimportal/en/home>

Tá Rannóg na gCustaiméirí (CD) i gceannas na polasaithe, seirbhísí agus próisis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhar leis na ranna ábhartha go léir, a bhfuil sé mar aidhm acu feabhas a chur ar eispéireas an chustaiméara agus cultúr de bharr feabhais na seirbhíse do chustaiméirí a chur chun cinn tuilleadh san Oifig. Tá sí comhdhéanta de thrí Sheirbhís: An tSeirbhís Rannpháirtíochta Custaiméirí (CES), an tSeirbhís Chúraim Custaiméirí (CCS) agus an tSeirbhís Chumarsáide Gnó (BCS).

Cinntíonn an tSeirbhís Cumarsáide Gnó BCS comhchuibheas ilteangach agus fócas custaiméara de chumarsáid na hOifige i dteangacha uile AE, agus na gníomhaíochtaí teanga, na hoibríochtaí, teicneolaíochtaí nua a chuirtear i bhfeidhm ar an dteangeolaíocht agus an dearbhú cáilíochta go léir á mbainistiú aici.

Is mian leis an Oifig liosta ionadaithe amháin a bhunú don phróifíl teanga seo a leanas:

- Cúntóir Teanga **Fraincise** (léitheoir profaí/athbhreithneoir aistriúchán) - 5 iarrthóir ar an liosta ionadaithe.

2. DUALGAIS

Faoi fhreagracht dhíreach an Cheannaire Seirbhíse ábhartha, beifear ag súil go ndéanfaidh an t-iarrthóir rathúil na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích ina theanga faoi seach:

- **Profléitheoireacht:** gramadach, poncaíocht agus litriú a cheartú, a chinntiú go leantar an stíl ábhartha teanga, formáid agus leagan amach a cheartú, aird a tharraingt agus trácht a dhéanamh ar shleachta a d'fhéadfaí a fheabhsú i dtéarmaí soiléireachta, ag seiceáil go bhfuil na ceannteidil ag teacht le hábhar an téacs, comhsheasmhacht sa doiciméad a chinntiú, chomh maith lena chinntiú go n-urramaítear stíl chorpáraideach EUIPO.
- **Athbhreithniú aistriúchán:** aistriúcháin a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm tríd an téacs foinse a chur i gcomparáid leis an spriothéacs agus ceartúcháin a dhéanamh, nuair is gá le huirlisí na hOifige um Aistriúchán Ríomhchuidithe.
- **Tacaíocht maidir le dréachtú:** tacaíocht a thabhairt chun doiciméid agus cumarsáid ghnó a dhréachtú.
- **Téarmaíocht:** téarmaíocht oifigiúil EUIPO a bhainistiú d'fhonn cinnteacht dhlíthiúil a chinntiú d'úsáideoirí i ngach teanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh, rannchuidiú le téarmaí ábhartha nua a shainaithint chun bunachar sonraí téarmaíochta agus gluais na hOifige a fhothú.
- **Cáilíocht:** seiceálacha cáilíochta ráithiúla *ex post* a dhéanamh ar aistriúcháin riaracháin agus maoine intleachtúla agus seiceálacha cáilíochta *ex ante* ar phoist phrofléitheoireachta.
- **Tacaíocht oiliúna:** modúil oiliúna a dhearadh, a sholáthar, agus tacú leo maidir le hábhair theangeolaíocha agus le huirlisí CAT de réir mar a éilídh an eagraíocht.
- **Cúraimí riaracháin:** cúraimí a chur i gcrích a bhaineann le sreafaí oibre teangeolaíochta, déileáil le hiarratais teileafóin agus ríomhphoist, poist a chruthú in uirlisí CAT, tuairisciú agus idirghníomhú le soláthraithe seirbhíse teanga, tuarascálacha a dhréachtú nuair is gá.

Na dualgais is infheidhme maidir le gach ball foirne:

- A bheith ag obair go gníomhach i dtreo spriocanna EUIPO a bhaint amach i gcomhréir leis an bPlean Straitéiseach
- Aon dualgais agus aon fhreagrachtaí eile a bhaineann leis an obair agus a shannfaidh an bainisteoir líne a chur i gcrích

3. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

D'fhonn a bheith inghlactha don roghnúchán seo, **ní mór d'iarrthóirí gach ceann** de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh faoin spriocdháta le haghaidh iarratas a chur isteach:

Coinníollacha ginearálta⁽¹⁾

- A bheith ina náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ⁽²⁾;
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránaigh a theachtadh;
- Aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- Na riachtanais charachtair a shásamh maidir lena n-oiriúnacht do chomhlíonadh na ndualgas lena mbaineann;
- A bheith corpacmhainneach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh.

Oideachas

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus oideachas iar-mheánscoile arna fhianú le dioplóma a aithnítear go hoifigiúil, a bheith aige nó aici,
NÓ
- Leibhéal oideachais arb ionann é agus oideachas meánscoile arna fhianú le dioplóma lena dtugtar rochtain ar oideachas iar-mheánoideachais, agus **taithí ghairmiúil iomchuí 3 bliana ar a laghad** a bheith aige nó aici.

Taithí ghairmiúil ⁽³⁾

- **Taithí ghairmiúil lánaimseartha ábhartha 3 bliana ar a laghad** a bheith aige nó aici, agus astu sin **2 bhliain** ar a laghad i ndáil leis na cúraimí a bhfuil cur síos orthu faoi “Dualgais”, agus í ar an leibhéal atá sonraithe ansin.

Scileanna teanga

Sa nós imeachta roghnúcháin seo déanfaimid tagairt do na teangacha mar:

- Teanga 1: ní mór Fraincis (sáreolas; leibhéal **C2** riachtanach) a bheith inti. An teanga a úsáidfear don triail.
- Teanga 2: ní mór Béarla (máistreacht ar an teanga; íosleibhéal **C1** riachtanach) a bheith inti. An teanga a úsáidfear don agallamh.

Tabhair do d'aire nach mór na híosleibhéil atá luaite thuas a bheith agat i dtaca le gach inniúlacht teanga (labhairt, scríobh, léamh agus éisteacht) atá iarrtha san fhoirm iarratais. Comhfhreagraíonn na hinniúlachtaí seo do Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

Baineann cúraimí na gcúntóirí teanga go sonrach le léamh profaí ina dTeanga 1 nó athbhreithniú a dhéanamh ar aistriúcháin go dtí a dTeanga 1. I gcás athbhreithniú aistriúcháin, déanfaidh siad comparáid idir na téacsanna agus leaganacha bunaidh na ndoiciméad, a dhréachtaítear go príomha

⁽¹⁾ Féach Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh

⁽²⁾ “I gcomhréir le hAirteagal 127, mír 7(c) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach d'Fhuinneamh Adamhach (IO 2019/C 384 I/01)”

⁽³⁾ Áirítear taithí ghairmiúil a gnóthaíodh ón dáta ar baineadh amach an dioplóma ábhartha lena dtugtar rochtain ar an bhfeidhmghrúpa.

i mBéarla. Ní mór d'iarrthóirí rathúla a earcófar an dá theanga seo ar a laghad (Fraincis Béarla) a thairiscint mar theangacha éigeantacha.

Scileanna Ríomhaireachta

Tá ardinniúlacht ar ríomhairí éigeantach. Ní mór taithí ghairmiúil fhairsing a bheith ag iarrthóir ar fheidhmchláir ríomhaire amhail pacáiste MS Office nó a chomhchosúil (go háirithe Word, Excel, PowerPoint, Outlook), ar bhunachair shonraí agus ar thaighde idirlín.

4. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

D'fhoill na hiarrthóirí is fearr atá cáilithe a roghnú (le haghaidh agallaimh agus céim fhéideartha trialach san áireamh), déanfaidh an Oifig na critéir seo a leanas a mheas:

- taithí ghairmiúil i réimse na teangeolaíochta, bainistiú sreafa oibre agus/nó taithí oibre mar léitheoir profaí, athbhreithneoir aistriúcháin, cóipeagarthóir, cóipscríbhneoir, scríbhneoir ábhair agus/nó aistritheoir;
- taithí ghairmiúil ar úsáid uirlisí CAT agus/nó foilsitheoireacht deisce;
- Staidéir ar theangacha nó staidéir ar réimsí gaolmhara⁴;
- taithí oibre ar ábhair mhaoine intleachtúla agus/nó eolas orthu;
- bheadh eolas maith ar theanga eile de chuid EUIPO (seachas teanga 1 agus teanga 2) (íosleibhéal **B2**) ina bhuntáiste.

I dteannta leis na critéir thuas, déanfar iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chuig céim an agallaimh agus na trialach a mheas in aghaidh na riachtanas seo a leanas freisin.

Inniúlachtaí

- **Cumarsáid:** cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go beacht ó bhéal agus i scríbhinn araon;
- **Anailís agus réiteach fadhbanna:** an cumas chun na fíricí criticiúla i saincheisteanna casta a shainaithint agus chun réitigh chruthaitheacha agus phraiticiúla a fhorbairt ina leith;
- **Oibriú le daoine eile:** oibriú i gcomhar le daoine eile i bhfoirne agus trasna teorainneacha eagraíochta, agus meas a thabhairt ar na difríochtaí atá ann idir daoine;
- **Foghlaim agus forbairt:** scileanna pearsanta agus eolas ar an eagraíocht agus ar thimpeallacht na heagraíochta a fhorbairt agus a fheabhsú;
- **Tosaíochtaí agus eagrúcháin:** an cumas chun tosaíocht a thabhairt do na cúraimí is tábhachtaí, a bheith ag obair ar bhealach solúbtha agus a n-ualach oibre féin agus ualach oibre daoine eile a eagrú go héifeachtúil;
- **Cáilíocht agus torthaí:** freagracht phearsanta agus tionscnaíocht a ghlacadh maidir le hobair ardchaighdeán a sheachadadh laistigh de nósanna imeachta atá leagtha síos; béim shoiléir ar chustaiméirí (idir inmheánach agus seachtrach) a léiriú;
- **Athléimneacht:** oibriú go héifeachtach faoi bhrú oibre, a bheith solúbtha agus oiriúnú do thimpeallacht oibre a bhíonn ag athrú.

(⁴) Staidéir ar feadh níos mó ná 2 bhliain san aistriúcháin, léirmhíniú, fileolaíocht agus réimsí gaolmhara.

5. AGALLAIMH AGUS TRIALACHA SCRÍOFA

Réamhroghnú

I gcás iarrthóirí inghlactha a bhfuil a n-iarratas uathu i measc na n-iarratas is fearr de réir na gcritéar roghnúcháin atá leagtha amach faoi phointe 4, féadfar dul i dteagmháil leo chun a scileanna teanga a fhíorú (go háirithe, táirgeadh labhartha in aon cheann de na dteanga oifigiúil dearbhaithe eile de chuid na hOifige) agus chun cruthúnas a fháil ar a dtaithí ghairmiúil agus/nó scileanna, eolas agus inniúlachtaí eile. Ní thugtar teidlíocht d'iarrthóirí leis an teagmháil réamhroghnúcháin sin cuireadh chun agallaimh a fháil: is céim í sa phróiseas i dtaobh cuireadh chun agallaimh a thabhairt do na hiarrthóirí is oiriúnaí.

Agallamh

Beidh na hagallaimh ar siúl in Alicante nó trí fhíschomhdháil agus, mar gheall ar chineál na dualgais, is í mBéarla a réachtálfar iad. Féadfar measúnú a dhéanamh ar theangacha ábhartha eile arna lua in iarratas/CV an iarrthóra de réir na leibhéal atá léirithe san fhógra folúntais seo.

Tástálfar san agallamh an t-eolas atá ag an iarrthóir ar ábhair a bhaineann leis na dualgais a bheidh le comhlíonadh (eolas teicniúil agus inniúlachtaí iompraíochta), gníomhaíochtaí na hOifige, eolas ar an Aontas Eorpach, an oiriúnacht chun na cúraimí a bheidh le déanamh a chomhlíonadh agus an oiriúnacht chun dul i mbun oibre i dtimpeallacht idirnáisiúnta.

Triail/trialacha

Úsáidfear triail amháin nó roinnt trialacha scríofa i dteanga 1 (sáreolas) chun an measúnú ar cheann amháin de na gnéithe thuas nó roinnt díobh a chur i gcrích. Is sa chuireadh a thabharfar faisnéis mhionsonraithe do na hiarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chuig céim an agallaimh agus na trialach.

6. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Chun faisnéis ghinearálta a fháil faoi na nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta in EUIPO, féach an [nasc seo](#).

7. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Chun iarratas a dhéanamh, cliceáil ar an [nasc](#) seo.

Na doiciméid go léir a áirítear mar naisc nó dá ndéantar tagairt laistigh de chomhthéacs an fhógra seo, meastar gur cuid den fhógra folúntais seo iad.

Tábhachtach

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire gurb é atá san fhaisnéis arna cur ar fáil ina n-iarratas/CV ná bonn le tuiscint a fháil ar na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin. Iarrtar orthu, dá bhrí sin, na riachtanais a léamh go cúramach agus an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil chomh mion sin go n-éascaítear an measúnú sin. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhaisnéis faoina n-oideachas agus a dtaithí ghairmiúil, go háirithe dátaí cruinne, cur síos ar fhreagrachtaí, ar dhualgais a comhlíonadh agus ar uirlisí a úsáideadh.

**Más ann do neamhréireachtaí idir na leaganacha teangeolaíocha difriúla, ba cheart glacadh leis gurb é an leagan Béarla an leagan ceart*